Eolaithe Óga & Teicneolaíochta BT

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi iomaitheoirí i gcomórtas Eolaithe Óga & Teicneolaíochta BT. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin gcomórtas leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh Gaeilge a chur orthu?

1. awards _____
2. awarded _____
3. melodies _____
4. conflict _____
5. relationship _____
6. frequency _____
7. specific _____
8. whole number _____
9. formula _____
10. harp _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.

Ceist 3 Féach ar an mír den dara huair agus scríobh achoimre ghearr bunaithe ar an méid a chuala tú. Cuir d'achoimre i gcomparáid le ceann an duine in aice leat.

Ceist 4 '…líon beag…' agus '….cailíní ceolmhara…'

Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos agus scríobh isteach an fhoirm cheart den aidiacht sna bearnaí.

coimhlint (géar): _____
áiteanna (deas): _____
ceol (séimh): _____
sonraí (sainiúil): _____
uimhir (príomha): _____
saothair (mór): _____
cainteanna (gearr): _____
tuismitheoirí (bocht): _____
máthair (meánaosta): _____

Ceist 5 '… an chéad áit…'

1. Cén t-ainm a thugtar ar an uimhir sa sampla thuas?

2. Bain úsáid as na hainmfhocail – *áit*, *teach* agus *bád* – chun na rialacha a bhaineann leis na huimhreacha sin a chur in iúl ó 1 go dtí 10.

Ceist 6 Cuir i láthair: An t-amhrán is fearr leat

1. Roghnaigh amhrán a bhfuil dúil mhór agat ann.
2. Breac síos téama agus cúlra an amhráin.
3. Breac síos na cúiseanna ar fad a bhfuil dúil agat ann.
4. Breac síos conas a mhothaíonn tú nuair a éisteann tú leis an amhrán.
5. Aimsigh an t-amhrán ar an idirlíon.
6. Cuir an t-amhrán i láthair an ranga – seinn cuid den amhrán agus abair amach freagraí cheisteanna 2 – 4.

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

1. awards	*gradaim*
2. awarded	*bronnta*
3. melodies	*séiseanna ceoil*
4. conflict	*coimhlint*
5. relationship	*gaol*
6. frequency	*minicíocht*
7. specific	*sainiúil*
8. whole number	*slánuimhir*
9. formula	*foirmle*
10. harp	*cláirseach*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
coimhlint ghéar
áiteanna deasa
ceol séimh
sonraí sainiúla
uimhir phríomha
saothair mhóra
cainteanna gearra
tuismitheoirí bochta
máthair mheánaosta

Ceist 5
1. Na horduimhreacha.
2. Féach an tábla:

	an chéad	an dara, an tríú, an ceathrú, an cúigiú, an séú, an seachtú, an t-ochtú, an naoú, an deichiú
áit	áit	háit
teach	teach	teach
bád	bhád	bád

Ceist 6
Tabhair deis do na foghlaimeoirí a bheith ag obair ina n-aonar ar feadh tamall beag chun na ceisteanna a fhreagairt faoin amhrán is fearr leo. Iarr ar gach foghlaimeoir ansin an t-amhrán is fearr leo a chur i láthair an ranga.

Eimear Ní Chonaola
Tá daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí ar fud na tíre ag ceiliúradh a bhfuil bainte amach ag eolaithe óga na bliana, agus na gradaim bronnta ar thionscnaimh[1] 2020. Ina measc, tá beirt chailíní sa gcúigiú bliain i gColáiste na Coiribe, i nGaillimh, a fuair an chéad áit i rannóg na Gaeilge.

… na Coiribe, Co. Galway. And their project is titled: An féidir séiseanna ceoil a chumadh go matamaiticiúil? Comhghairdeas libh a mhná.

Maolra M Mac Donnchadha
Na mílte sa gcoimhlint ón bhfómhar seo caite, ach gan gradam, ar an searmanas ar líne, ach ag an líon beag is fearr, leithéidí na gcailíní ceolmhara seo.

Aoibheann Howe, Coláiste na Coiribe
D'fhoghlaim muid go bhfuil gaol an-láidir idir ceol agus matamaitic. Ag gach nóta ceoil, tá minicíocht, sin *frequency* áirithe aige, luach é féin atá sainiúil le haghaidh gach uile nóta. Mar shampla: bhí 'Middle-C' náid, bhí 'C-Sharp' a haon, bhí 'D' a dó. *So*, bhí muid in ann slánuimhir a chur ar gach uile nóta.

Rachel Harris, Coláiste na Coiribe
Tá gaol láidir eatarthu. Bhí muid in ann píosa ceoil a chumadh go hiomlán le huimhreacha, gan fiú smaoineamh faoi cheol nó é a sheinm ar aon rud. Scríobh muid amach slánuimhreacha agus ansin chuir muid é isteach arís i bhfoirmle chun nótaí ceoil a fháil. Agus, bhí an píosa ceoil a sheinneamar, againn.

Maolra M Mac Donnchadha
Chum Aoibheann agus Rachel saothar ceoil ar an gconsairtín agus an chláirseach mhór, bunaithe go hiomlán ar an bpatrún matamaiticiúil is coitianta a d'aimsigh siad ó bhreis is céad amhrán, tar éis suirbhé a rinne siad le daoine ar na hamhráin is ansa leo.

Aoibheann Howe, Coláiste na Coiribe
Bhí tionscnaimh eile agus bhí siad ag déanamh rudaí faoi COVID agus ba é sin an rud go díreach a bhí muid ag iarraidh a sheachaint.

Maolra M Mac Donnchadha
Maolra Mac Donnchadha, Nuacht TG4.

[1] *tionscadail* a leagan caighdeánach